2024/3187

16.12.2024

CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin go bhfuil an tAontas réidh i gcónaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a theorannú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhíthin smachtbhannaí breise agus bearta breise chun nach mbeifear in ann dul timpeall orthu, lena n-áirítear trí thríú tíortha.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(5) Is iomchuí 32 eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, eadhon liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Áirítear ar an liosta sin eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise trí theacht timpeall ar shrianta onnmhairiúcháin, lena n-áirítear maidir le hAerárthaí gan Foireann nó diúracáin.

(6) Chun srian breise a chur ar ghníomhaíocht soithí a oibrítear chun rannchuidiú nó tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena dtacaítear le gníomhaíochtaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is iomchuí freisin soithí breise a chur le liosta na soithí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, ar a bhforchuirtear toirmeasc ó chalafoirt agus loic na mBallstát chomh maith le toirmeasc ar raon leathan seirbhísí a sholáthar a bhaineann le muiriompar.

(7) Mar a luaitear in aithris 16 de Cinneadh (CBES) 2024/1470 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 ([2]), is gnách go ndéantar iarmhéideanna airgid de chuid custaiméirí taisclann lárnach urrús nó leis na custaiméirí na sin a aistriú amach as na taisclanna lárnacha urrús sin roimh dheireadh an lae agus ní thugann siad aon luach saothair do na custaiméirí. Dá bhrí sin, níl taisclanna lárnacha urrús, dá dtagraítear in Airteagal 1a(8) de Chinneadh 2014/512/CBES, faoi dhliteanas ús nó aon chineál cúitimh eile a íoc leis an duine, leis an eintiteas nó leis an gcomhlacht a bhfuil teidlíocht aige i leith na sócmhainní agus na gcúlchistí dá dtagraítear in Airteagal 1a(4) den Chinneadh sin, agus atá i seilbh nó faoi rialú na dtaisclann lárnach urrús sin nó ar contrapháirtí iontu iad, seachas i gcás ina bhfuil comhaontú conarthach.

(8) Maidir leis an mbainistiú a dhéanann taisclann lárnach urrús ábhartha ar na sócmhainní atá faoi réir an toirmisc ar idirbhearta a fhorchuirtear de bhun Airteagal 1a(4) de Chinneadh 2014/512/CBES, chomh maith le bainistiú na n-iarmhéideanna airgid a eascraíonn as na sócmhainní sin, níor cheart dliteanas d'aon sórt ar thaobh na taisclainne, ná ar thaobh a stiúrthóirí ná a fostaithe, a bheith mar thoradh air sin, mura gcruthaítear go ndearnadh an ghníomhaíocht mar gheall ar fhaillí.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1470 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1470, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1470/oj).

(9) Le déanaí, d'eisigh cúirteanna na Rúise cinntí bunaithe ar Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise lena dtoirmisctear imeachtaí a thionscnamh nó leanúint díobh i gcúirteanna nó i mbinsí eachtracha thar ceann cuideachtaí Eorpacha in aghaidh cuideachtaí Rúiseacha (urghairí i gcoinne agra) agus d'eisigh siad, inter alia, pionóis airgeadais atá díréireach ard i gcás mainneachtain comhlíonta. Measann an tAontas go bhfuil an bealach a n-eisíonn cúirteanna na Rúise urghairí i gcoinne agra agus fíneálacha den sórt sin ina shárú soiléir ar phrionsabail idirnáisiúnta sheanbhunaithe agus ar chleachtais sheanbhunaithe i réiteach díospóidí gnó idirnáisiúnta. Chun cosc a chur ar iarrachtaí ó éilitheoirí urghairí i gcoinne agra nó fíneálacha den sórt sin a fhorfheidhmiú, nó aon chinneadh eile ón gcúirt bunaithe ar Airteagal 248 nó ar reachtaíocht choibhéiseach na Rúise a fhorfheidhmiú, is iomchuí toirmeasc ar aithint nó ar fhorfheidhmiú urghairí, orduithe, breithiúnas nó cinntí eile cúirte san Aontas a thabhairt isteach de bhun Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise nó i ndáil leis nó de bhun reachtaíocht choibhéiseach na Rúise nó i ndáil léi.

(10) Is iomchuí freisin leasuithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar Chinneadh 2014/512/CBES, lena n-áirítear síneadh a chur leis na sprioc-amanna is infheidhme maidir le maoluithe áirithe is gá le haghaidh dífheistiú ón Rúis nó le haghaidh slándáil soláthair táirgí peitriliam áirithe ag na Ballstáit. Ba cheart d'oibreoirí a bheith ar an eolas gur tír í an Rúis nach gcuirtear an smacht reachta i bhfeidhm a thuilleadh inti, agus gur ghlac Cónaidhm na Rúise roinnt píosaí reachtaíochta lena spriocdhírítear ar shócmhainní de chuid cuideachtaí ó 'tíortha míchairdiúla', lena n-áirítear Ballstáit. D'fhéadfadh sócmhainní de chuid an Aontais a bheith sáinnithe sa Rúis dá dheasca sin, gan an deis iad a tharraingt siar go hordúil. Mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó a choinneáil ar bun sa Rúis, ba cheart d'oibreoirí de chuid an Aontais breithniú a dhéanamh maidir le clabhsúr a chur le gníomhaíochtaí gnó sa Rúis agus/nó gan gníomhaíochtaí nua gnó a thosú inti. Ní mór síneadh eisceachtúil a chur leis na maoluithe dífheistithe chun go mbeidh oibreoirí de chuid an Aontais in ann imeacht as margadh na Rúise chomh tapa agus is féidir. Deonaíonn na Ballstáit na maoluithe leathnaithe ar bhonn cás ar chás agus is é is aidhm leo próiseas dífheistithe ordúil a bheith ann, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan síneadh a chur leis na sprioc-amanna sin.

(11) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'12. Gníomhaíochtaí a dhéanfaidh taisclann lárnach urrús de mheon macánta de bhun mhíreanna (4) go (11) ar an mbonn go bhfuil gníomhaíocht den sórt sin i gcomhréir leis an gCinneadh seo, ní bheidh dliteanas d'aon sórt ar thaobh na taisclainne ná ar thaobh a stiúrthóirí ná a fostaithe de thoradh orthu sin, mura gcruthófar go ndearnadh an ghníomhaíocht mar gheall ar fhaillí.';

(2) leasaítear Airteagal 1aa mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh roimh an 31 Nollaig 2025, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3a:

'3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo do dhífheistiú agus aistarraingt, ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó óna bhfochuideachtaí san Aontas, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, faoin 31 Nollaig 2025.';

(3) leasaítear Airteagal 4o mar a leanas:

(a) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘6. Ón 5 Feabhra 2023 i leith, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na Cróite údarú a thabhairt go dtí an 31 Nollaig 2025 chun ola fholúsgháis a thagann faoi chód AC 2710 19 71, ar de thionscnamh na Rúise í nó a onnmhairítear ón Rúis, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas araon:’;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘De mhaolú sealadach, beidh feidhm ag na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fomhír ón 5 Meitheamh 2025 maidir le táirgí peitriliam a fhaightear ó amhola a seachadadh trí phíblíne isteach i mBallstát eile dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), a allmhairiú agus a aistriú isteach sa tSeicia, agus a dhíol le ceannaitheoirí sa tSeicia. Má chuirtear soláthairtí malartacha le haghaidh na dtáirgí peitriliam sin ar fáil don tSeicia roimh an dáta sin, déanfaidh an Chomhairle an maolú sealadach sin a fhoirceannadh. Le linn na tréimhse go dtí an 5 Meitheamh 2025, ní rachaidh méideanna na dtáirgí peitriliam sin a allmhairítear chuig an tSeicia ó Bhallstáit eile thar na meánmhéideanna arna n-allmhairiú chuig an tSeicia ó na Ballstáit eile sin le linn na tréimhse céanna le linn na 5 bliana roimhe sin.’;

(4) leasaítear Airteagal 4r mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4, 4c, 4d, 4g, 4j agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII, X, XI, XVI XVIII XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, chomh maith le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú, nó a aistriú ar aon bhealach eile chomh maith le cearta rochtana nó athúsáide a dheonú ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a luaitear thuas údarú go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, soláthar, aistriú, ceadúnú, deonú cearta rochtana nó athúsáide sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:

‘1a. De mhaolú ar Airteagal 3, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a údarú go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, an soláthar nó an t-aistriú sin ar mhaithe leis an dífheistiú ó chomhfhiontar arna ionchorprú nó arna bhunú faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022, lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, agus a oibríonn bonneagar píblíne gáis idir an Rúis agus tríú tíortha.’;

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘2. De mhaolú ar Airteagail 4i agus 4k, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis, nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:’;

(d) i mír 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘2a. De mhaolú ar Airteagal 1k, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Nollaig 2025 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:’;

(5) in Airteagal 4x(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;’;

(6) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, bunaithe ar mheasúnú sonrach de réir an cháis, a údarú, go dtí an 31 Nollaig 2025, go gcomhlíonfar éileamh arna dhéanamh ag duine de na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a luaitear i mír 1, pointe (b), faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá le sásamh an éilimh don dífheistiú ón Rúis nó do fhoirceannadh gníomhaíochtaí gnó sa Rúis.’;

(7) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘*Airteagal 7a*

1. Ní dhéanfar aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas ná cinneadh eile cúirte de bhun Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise, nó a dhíorthaítear ón airteagal sin, nó de bhun reachtaíocht choibhéiseach na Rúise, nó a dhíorthaítear ón reachtaíocht sin, a aithint ná a fhorfheidhmiú ná éifeacht a thabhairt dóibh i mBallstát.

2. Ní dhéanfar aon iarraidh ar chúnamh le linn imscrúdaithe nó imeachtaí coiriúla eile, ná aon phionós ná smachtbhanna eile de bhun Chód Coiriúil na Rúise atá bunaithe ar shárú líomhnaithe ar urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh cúirte eile de bhun Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise, nó a dhíorthaítear ón airteagal sin, nó de bhun reachtaíocht choibhéiseach na Rúise, nó a dhíorthaítear ón reachtaíocht sin, a aithint ná a fhorfheidhmiú ná éifeacht a thabhairt dóibh i mBallstát.’.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní IV agus XVI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi:

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
‘676.	OSTEC-Enterprise LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Предприятие Остек” Ar a dtugtar freisin: ООО “Предприятие Остек” (Predpriyatie Ostek)	Seoladh/Seoltaí: ul. Moldavskaya, d. 5, korp. 2, 121467, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-materials.ru r-phost: materials@ostec-group.ru; cleaning@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731480806 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
677.	OSTEC-ARTTOOL LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-АртТул” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-АртТул”	Seoladh/Seoltaí: Sráid Barklaya 6/3, cód poist: 121087, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: +7 495 7884444 Suíomh gréasáin: www.arttool.ru r-phost: info@arttool.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731481038 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
678.	OSTEC-EC LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-Эк” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-Эк”	Seoladh/Seoltaí: ul. Moldavskaya d. 5, korp. 2, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-group.ru; www.ostec-group.com Uimhir Chlárúcháin: 7731481077 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
679.	OSTEC-Electro LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-Электро” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-Электро” (OOO Ostek Electro)	Seoladh/Seoltaí: ul. Moldavskaya, d. 5, korp. 2, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-electro.ru R-phost: ostecelectro@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731483966 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
680.	OSTEC-ETC LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-ЕТК” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-ЕТК”	Seoladh/Seoltaí: Nab. Luzhnetskaya, d. 2/4, str. 16, et/pom. 3/303, 119270, Moscó, Cónaidhm na Rúise; ul. Moldavskaya d. 5, korp. 2, 121467 Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-etc.ru R-phost: etc@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731481052 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
681.	OSTEC-INTEGRA LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек Интегра” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек Материалс” (Ostek Materials); ООО “Остек-Интегра”	Seoladh/Seoltaí: Sráid Partizanskaya 25, cód poist: 121351, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin:+74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-materials.ru R-phost: materials@ostec-group.ru; cleaning@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731416984 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
682.	OSTEC-SMT LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-СМТ” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-СМТ”	Seoladh/Seoltaí: ul. Kulakova d. 20, str. 1G, 123592 Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884441; + 74957884441 (folíne 5833) Suíomh gréasáin: www.ostec-smart.ru R-phost: smt@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731481045 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
683.	OSTEC-ST LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-Сервис-Технология” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-СТ”	Seoladh/Seoltaí: ul. Moldavskaya, d. 5, korp. 2, 121467, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-st.ru R-phost: ost@ostec-group.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731630120 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
684.	OSTEC-TEST LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “Остек-ТЕСТ” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-ТЕСТ”	Seoladh/Seoltaí: ul. Moldavskaya, d. 5, korp. 2, 121467, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Suíomh gréasáin: www.ostec-test.ru Uimhir Chlárúcháin: 7731481020 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
685.	OSTEC-UMT LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “ОСТЕК-УМНЫЕ ТЕХНОЛОГИИ” Ar a dtugtar freisin: ООО “Остек-УМТ”	Seoladh/Seoltaí: ul. Kulakova d. 20, str. 1G, 123592, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 74957884444 Uimhir Chlárúcháin: 7734462210 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
686.	RIIT LTD Ainm Áitiúil: Общество с ограниченной ответственностью “НИИИТ” Ar a dtugtar freisin: ООО “NIIIT”	Seoladh/Seoltaí: ul. Kulakova d. 20, str. 1G, pom. XIV et 3, kom 10, 11, 52-57, 123592, Moscó, Cónaidhm na Rúise Uimhir Chlárúcháin: 7731481013 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
687.	LLC Atlas Ainm Áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью “Атлас” (ООО “Атлас”) Ar a dtugtar freisin: ООО Atlas	Seoladh/Seoltaí: 100-Letiya Prospekt, 155, Foirgneamh 3 Oifig 5, 690068, Vladivostok, Primorsky Krai, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (423) 242-85-03; + 7 (423) 261-46-41 Uimhir Chlárúcháin: 2543069263 (TIN)	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
688.	Mistral Ainm Áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью “Мистраль” (ООО “Мистраль”) Ar a dtugtar freisin: OOO Mistral; Mistral LLC	Seoladh/Seoltaí: 129626, Moscó, Ceantar Bardasach Alekseevsky; 1st Mytihchinskaya Str., 3, Foirgneamh 1, Seomra 8, Cónaidhm na Rúise; 113054, Moscó, Bolshoy Strochenovsky Pereulok, 13, Foirgneamh 1? Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (929) 668-34-74 Uimhir Chlárúcháin: 7717793684 (INN)	17.12.2024
689.	KOMINVEX D.O.O. BEOGRAD Ar a dtugtar freisin: PREDUZEĆE ZA TRGOVINU I INŽENJERING POSLOVE KOMINVEX DOO BEOGRAD RAKOVICA; Kominvex DOO Beograd; Kominvex doo Beograd	Seoladh/Seoltaí: Nikole Marakovica 21/VI/36, Béalgrád 11090, an tSeirbia Uimhir Theileafóin: 38163308192 / 381116564086 Suíomh gréasáin: https://kominvex.co.rs Uimhir Chlárúcháin: 20047038	17.12.2024
690.	SOHA INFO D.O.O. Ar a dtugtar freisin: SOHA INFO D.O.O. NOVI BANOVCI	Seoladh/Seoltaí: Pionirska 3, Novi Banovci 22304, an tSeirbia Uimhir Theileafóin: 38163300346 Suíomh gréasáin: www.sohainfo.rs Uimhir Chlárúcháin: 21802808	17.12.2024
691.	Fidar System Pooyan Ainm Áitiúil: فیدار سیستم پیوان Ar a dtugtar freisin: Fidar System Pooyan	Seoladh/Seoltaí: Aonad 6, Uimh. 7, Mahbod Alley, Laleh St., Jomhuri St., Tehran, an Iaráin; Uimh. 12, 21th Alley, Ahmad Ghasir St., Argentina Sq, Tehran, an Iaráin; Uimh. 9 Lale Alley, An Chéad Urlár, Aonad 2, Hatef Alley, Crossroad Hafez Neighborhood, Central Sector, Cathair Tehran, Cúige Tehran, an Iaráin Uimhir Theileafóin: + 9802166767984 Suíomh gréasáin: http://www.cintix.ir/	17.12.2024
692.	Time Art International LTD Ainm Áitiúil: **時亞國際有限公司**	Seoladh/Seoltaí: Workshop 7(a), 12/f, Wah Lai Industrial Centre, Uimh. 10-14 Sráid Kweitei, Shatin, Hong Cong, an tSín Uimhir Chlárúcháin: 1411127 (Uimhir Chuideachta Hong Cong)	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
693.	Ele Technology Co. LTD Ainm Áitiúil: 深圳市易络电子有限公司	Seoladh/Seoltaí: 3714 Foirgnimh Duhuixuan , 3018 Bóthar Shennan, Ceantar Futian, Shenzhen, an tSín Uimhir Theileafóin: + 86-755-82913231 Suíomh gréasáin: http://www.ele-tech.com.cn Uimhir Chlárúcháin: 914403000775394696 (Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe na Síne)	17.12.2024
694.	Shenzhen Xingding Machinery Ltd	Uimhir Chlárúcháin: 440300280527908 (Cláruimhir Chuideachta na Síne)	17.12.2024
695.	Ningbo Blin Machinery Co., Ltd. Ainm Áitiúil: 宁波贝宁机床有限公司	Seoladh/Seoltaí: Uimh. 1& 3, Sanxing Industrial Park, Luotuo, Ceantar Zhenhai, Ningbo, an tSín Uimhir Theileafóin: 0086-18858060617 Suíomh gréasáin: http://www.blincnc.com/ Uimhir Chlárúcháin: 91330203591551508B (USCC)	17.12.2024
696.	Baltiyskaya Promishlennaya Kompaniya (JSC Baltic Industrial Company) Ainm Áitiúil: АО “Балтийская Промышленная Компания” Ar a dtugtar freisin: AO BALTIISKAYA PROMYSHLENNAYA KOMPANIYA	Seoladh/Seoltaí: 192288, Cathair Pheadair, Malaya Bukharestskaya str., 5, foirgneamh 2/39, Cónaidhm na Rúise; 195276, Cathair Pheadair, Prospekt Kultury, 49A, Cónaidhm na Rúise; 192177, Cathair Pheadair, 3rd Rybatskiy ave., 3, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (812) 605-00-33 Suíomh gréasáin: https://bpk-spb.ru R-phost: info@bpk-spb.ru agus service@bpk-spb.ru Uimhir Chlárúcháin: 7801200558 (Uimhir Aitheantais Chánach)	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
697.	Alfa Machinery Group (LLC Company AMG) Ainm Áitiúil: ООО “Компания АМГ” Ar a dtugtar freisin: Kompaniya AMG	Seoladh/Seoltaí: 111141, Moscó, Kuskovskaya str., 20A, seomra 1. XIIA seomra 114, Cónaidhm na Rúise; 111141, Moscó, Kuskovskaya str., 20A, foirgneamh A, oifig A-602, Cónaidhm na Rúise; 355035, Stavropol, Mira Str., 267, oifig 204, Cónaidhm na Rúise; 142280, Protvino, Pobedy Str., 2, Cónaidhm na Rúise; 450056, Ufa, Mokrousovskaya Str., 8, foirgneamh 3, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (499) 550-02-52; + 7 (985) 997-93-32 Suíomh gréasáin: https://companyamg.ru/ agus https://amgcnc.ru/ R-phost: info@coamg.ru Uimhir Chlárúcháin: 7720821959 (Uimhir Aitheantais Chánach); 1147746889531 (OGRN)	17.12.2024
698.	LLC Rustakt Ainm Áitiúil: ООО “Рустакт”	Seoladh/Seoltaí: 123290, Moscó, in.ter.g. Ceantar bardasach Presnensky, Shmitovsky passage, 39, foirgneamh 2, áitreabh. 5K, Cónaidhm na Rúise (sa leagan bunaidh: 123290, Г.МОСКВА, ВН.ТЕР.Г. МУНИЦИПАЛЬНЫЙ ОКРУГ ПРЕСНЕНСКИЙ, ПРОЕЗД ШМИТОВСКИЙ, Д. 39, К. 2, ПОМЕЩ. 5К) R-phost: zaharova_marisha@mail.ru Uimhir Chlárúcháin: 9703074147 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN)	17.12.2024
699.	LLC SPDBBK Ainm Áitiúil: ООО “СПДББК”	Seoladh/Seoltaí: 195009, Cathair Pheadair, in. ter. g. ceantar bardasach cheantar na fionlainne, sráid komsomola, 1-3, litir l, seomra. 5n, seomra. 6, Cónaidhm na Rúise (go háitiúil: 195009, Г.САНКТ-ПЕТЕРБУРГ, ВН.ТЕР.Г. МУНИЦИПАЛЬНЫЙ ОКРУГ ФИНЛЯНДСКИЙ ОКРУГ, УЛ КОМСОМОЛА, Д. 1-3, ЛИТЕРА Л, ПОМЕЩ. 5Н, КОМ. 6) Uimhir Chlárúcháin: 7838044584	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
700.	LLC Vneshekostil Ainm Áitiúil: ООО “Внешэкостиль”	Seoladh/Seoltaí: 115211 Moscó, Kashirskoye shosse, 55, foirgneamh 5, pom. I, fl.1, seomra. 19, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (966) 199-83-07 Suíomh gréasáin: https://kominvex.co.rs R-phost: info@vnes.tech Uimhir Chlárúcháin: 7724362880 (Uimhir Aitheantais Chánach)	17.12.2024
701.	Iskra Technologies JSC Ainm Áitiúil: Искра Технологии Ar a dtugtar freisin: IskraUralTel JSC, RTSoft JSC	Seoladh/Seoltaí: Komvuzovskaya 9, Foirgneamh A, 620066, Ekaterinburg, Cónaidhm na Rúise Uimhir Theileafóin: + 7 (343) 210-69-51 Suíomh gréasáin: https://iskratchno.ru R-phost: info@iskratechno.ru Uimhir Chlárúcháin: 1026604933475 (OGRN), 6660017837 (TIN)	17.12.2024
702.	Powerever Electronic Technology Ar a dtugtar freisin: Beijing Powerever Electronic Technology Co., Beijing Weiwangda Electric Technology Co. LTD / **北京威旺达**电子科技有限责任公**司**	Seoladh/Seoltaí: Uimh. 23, Jinmao Mansion, Sráid Guangqu, Ceantar Chaoyang, Béising, an tSín Suzhou Pioneer Park, Uimh. 209, Sráid Zhuyuan, High-tech Zone, Cathair Suzhou, Cúige Jiangsu Uimhir Theileafóin: 18612628057; 18612628057 An suíomh gréasáin: http://www.powerever.cn/	17.12.2024
703.	Qisda Optronics (Suzhou) / 苏州佳世达 Ar a dtugtar freisin: Suzhou Jiashida Optoelectronics Co Ltd, Suzhou BenQ Optoelectronics Technology Co Ltd.	Seoladh/Seoltaí:169 Sráid Zhujiang, Ceantar Nua Suzhou, Cathair Suzhou, Cúige Jiangsu, 215129, an tSín An suíomh gréasáin: http://www.qisda.com.cn/	17.12.2024

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
704.	Juhang Aviation Technology Shenzen Co., LTD	Seoladh/Seoltaí: 2205, Uimh. 2, Logistics Center, Baoshui Logistics Center, Baoan Guoji Jichang Hangzhan, 4th Road, Hourui Community, Focheantar Hangcheng, Bao, Shenzhen, Guangdong, an tSín, 518099 Seomra 101-A Foirgneamh Xinghua, 1007 Ascaill Banxuegang, Maantang Community, Focheantar Bantian, Ceantar Longgang, Shenzhen, Guangdong, an tSín An suíomh gréasáin: http://www.szjuhang.com/ Uimhir Chlárúcháin: 91440300MA5GN73B4F (Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe na Síne)	17.12.2024
705.	Triac Electronics Pvt. Ltd.	Seoladh/Seoltaí: Dpt-348, DLF Prime Tower Okhla Phase-1, Deilí Nua-110020, an India Uimhir Aonaid: SG1, 7 & 8, Crios Saorthrádála J Matadee, Mannur-Valarpuram Village Kancheepuram, Tamil Nadu-602105, an India An suíomh gréasáin: https://www.triacelectronics.com/	17.12.2024
706.	Laserchips FZCO (ليزر تشيبس ش م ح)	Seoladh/Seoltaí: Dubai Silicon Oasis, DSO-IFZA-21645, IFZA Properties, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha An suíomh gréasáin: https://laserchips.ae/ Uimhir Chlárúcháin: 11996849 (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Uimhir sa Chlár Eacnamaíoch Náisiúnta (CBLS)); 22209 (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Dubai, Uimhir Cheadúnais)	17.12.2024
707.	Component Logistic LLC Ar a dtugtar freisin: Komponent Lodzhistik OOO, ООО КОМПОНЕНТ ЛОДЖИСТИК	Seoladh/Seoltaí: Cathair Pheadair, lár na cathrach, ceantar bardasach Dachnoye, Ascaill Veteranov, 63, foirgneamh A, árasán 46 46 An suíomh gréasáin: http://www.componentlogistik.ru/ Uimhir Chlárúcháin: 1217800045462 (an Rúis, Uimhir Chlárúcháin (OGRN))	17.12.2024’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XVI:

'IARSCRÍBHINN XVI

Liosta na soithí dá dtagraítear in Airteagal 4x

	Ainm an tsoithigh	Uimhir IMO	Forais lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
1.	M/V Angara	9179842	Airteagal 4x(2), pointe (a): a iompraíonn earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála, ón Rúis nó chuig an Rúis, lena n-úsáid nó lena húsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin	25.6.2024
2.	M/V Maria	8517839	Airteagal 4x(2), pointe (a): a iompraíonn earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála, ón Rúis nó chuig an Rúis, lena n-úsáid nó lena húsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin	25.6.2024
3.	Saam FSU	9915090	Airteagal 4x(2), pointe (c): a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh sa Rúis a dhúshaothrú, a fhorbairt, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh.	25.6.2024
4.	Koryak FSU	9915105	Airteagal 4x(2), pointe (c): a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh sa Rúis a dhúshaothrú, a fhorbairt, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh.	25.6.2024
5.	KAVYA (Hana roimhe seo)	9353113	Airteagal 4x(2), pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta	25.6.2024

	Ainm an tsoithigh	Uimhir IMO	Forais lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
6.	N Cerna (Canis Power roimhe seo)	9289520	Airteagal 4x(2), pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta	25.6.2024
7.	Feng Shou (Andromeda Star roimhe seo)	9402471	Airteagal 4x(2), pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta	25.6.2024
8.	Legacy (NS Lotus roimhe seo)	9339337	Airteagal 4x(2), pointe (c): a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh sa Rúis a dhúshaothrú, a fhorbairt, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh.	25.6.2024
9.	Saga (NS Spirit roimhe seo)	9318553	Airteagal 4x(2), pointe (c): a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh sa Rúis a dhúshaothrú, a fhorbairt, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh.	25.6.2024
10.	Serenade (NS Stream roimhe seo)	9318541	Airteagal 4x(2), pointe (c): a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh sa Rúis a dhúshaothrú, a fhorbairt, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh.	25.6.2024
